IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

Cód Iompair Chomhaltaí agus Iarchomhaltaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

GLACANN CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagail 253, 254, 257 agus 339 de,

Ag féachaint d'Airteagail 2, 4, 6, 8, 18 agus 47 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, d'Airteagail 4 go 6 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus d'Airteagail 5 go 7 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta,

De bhrí gur cuí na dualgais a eascraíonn as forálacha an Reachta agus na Rialacha Nós Imeachta is infheidhme maidir le comhaltaí agus le hiarchomhaltaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a shonrú i gcód iompair,

AN CÓD IOMPAIR SEO:

Airteagal 1

Raon feidhme

Beidh feidhm ag an gCód Iompair seo maidir le comhaltaí agus le hiarchomhaltaí na gcúirteanna nó na mbinsí arb iad nó arbh iad cúirteanna nó binsí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 2

Prionsabail

1. Caithfidh na comhaltaí a ndúthracht iomlán le comhlíonadh a ndualgas.

2. Comhlíonfaidh na comhaltaí a ndualgais le neamhspleáchas, ionracas, dínit is neamhchlaontacht iomlán agus le dílse is discréid, i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas.

Airteagal 3

Neamhspleáchas, ionracas agus dínit

1. Comhlíonfaidh na comhaltaí a ndualgais le neamhspleáchas agus ionracas iomlán, gan aird a thabhairt ar aon leas pearsanta ná náisiúnta. Ní iarrfaidh ná ní ghlacfaidh siad aon treoir ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais, ó Rialtais na mBallstát nó ó eintitis phoiblí nó phríobháideacha.

2. Ní ghlacfaidh na comhaltaí bronntanais, de chineál ar bith, a d'fhéadfadh a neamhspleáchas a thabhairt faoi cheist.

3. Tabharfaidh na comhaltaí urraim do dhínit a n-oifige.

4. Áiritheoidh na comhaltaí nach n-iompróidh siad iad féin ná nach gcuirfidh siad iad féin in iúl, in aon slí, ar bhealach a dhéanann díobháil don tuiscint atá ag an bpobal ar a neamhspleáchas, ar a n-ionracas ná ar dhínit a n-oifige.

Airteagal 4

Neamhchlaontacht

1. Seachnóidh na comhaltaí aon ní a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le coinbhleacht leasa nó a d'fhéadfaí a thuiscint amhlaidh go hoibiachtúil.

2. Ní ghlacfaidh na comhaltaí páirt in aon chás atá idir lámha ina bhféadfadh leas a bheith acu ann, ar leas é a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le coinbhleacht leasa. Má iarrtar orthu suí i gcás den sórt sin, cuirfidh siad Uachtarán na cúirte ar comhaltaí di iad ar an eolas faoi sin.

3. Áiritheoidh na comhaltaí nach n-iompróidh siad iad féin ná nach gcuirfidh siad iad féin in iúl, in aon slí, ar bhealach a dhéanann díobháil don tuiscint atá ag an bpobal ar a neamhchlaontacht.

Airteagal 5

Dearbhú leasanna

1. Agus iad ag dul i mbun oifige, agus le gach athnuachan pháirteach thríbhliantúil de chuid na cúirte, cuirfidh na comhaltaí chuig Uachtarán na cúirte ar comhaltaí di iad dearbhú maidir lena leasanna, lena mbeartaítear aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, nó a d'fhéadfaí a thuiscint amhlaidh go hoibiachtúil, a sheachaint agus cás idir lámha.

2. Leis an dearbhú leasanna dá dtagraítear i mír 1, a chuirtear ar fáil trí úsáid a bhaint as an bhfoirm i gceangal leis an gCód Iompair seo tráth nach déanaí ná 1 mhí amháin tar éis don chomhalta dul in oifig nó athnuachan pháirteach na cúirte lena mbaineann sé, sonrófar:

— aon eintiteas ina bhfuil leas airgeadais díreach ag an gcomhalta, ag a chéile nó a pháirtí [1] nó ag a leanaí mionaoiseacha. Ba cheart an téarma leas airgeadais díreach a thuiscint mar gach urrús airgeadais amhail, *inter alia*, scaireanna, scaireanna cuideachta, bannaí nó deimhnithe infheistíochta, bíodh sin ceart úinéireachta iomlán nó teidlíocht íocaíochta, seachas gabháltais arna mbainistiú ar bhonn lánroghnach ag tríú páirtí agus cearta réadmhaoine nach mór dearbhú a thabhairt ina leith de bhun an dara fleasc den mhír seo;

— aon cheart réadmhaoine atá ag an gcomhalta, ag a chéile nó a pháirtí nó ag a leanaí mionaoiseacha. Ba cheart an téarma ceart réadmhaoine a thuiscint mar gach ceart úinéireachta nó úsáide i réadmhaoin, beag beann ar cén cineál réadmhaoin é nó cén úsáid a bhaintear as, atá ag an gcomhalta, bíodh sin go díreach nó go hindíreach mar scaireanna i gcuideachta réadmhaoine. I gcás ina bhfuil ceart den sórt sin ann, sonrófar sa dearbhú an tír ina bhfuil an foirgneamh lena mbaineann an ceart sin suite. Cuirfear faisnéis bhreise maidir leis an gcineál réadmhaoine atá i gceist agus an áit ina bhfuil sé suite in iúl ar bhonn rúnda d'Uachtarán na cúirte;

— aon ghníomhaíocht ghairmiúil as a bhfaigheann céile nó páirtí an chomhalta íocaíocht aisti. Cuirfear faisnéis bhreise maidir leis an eintiteas ina dtugtar faoin ngníomhaíocht sin agus an cineál poist atá i gceist in iúl ar bhonn rúnda d'Uachtarán na cúirte.

3. Sonraítear freisin sa dearbhú leasanna dá dtagraítear i mír 1:

— na poist gan íocaíocht atá ag an gcomhalta i bhfondúireachtaí nó in eagrais den chineál céanna agus in institiúidí oideachais nó taighde de réir bhrí Airteagal 8(4) den Chód Iompair seo; agus

— na poist oinigh nó ar feadh an tsaoil agus na dámhachtainí agus gradaim a bronnadh ar an gcomhalta sula ndeachaigh sé in oifig agus ina dhiaidh sin araon.

4. I gcás ina dtiocfaidh athrú ar an bhfaisnéis nach mór dearbhú a dhéanamh ina leith de bhua mhír 2 agus mhír 3, ní mór dearbhú nua a chur isteach a luaithe is féidir agus, ar a dhéanaí, laistigh de 1 mhí amháin tar éis an athraithe sin.

5. Beidh na comhaltaí freagrach as a ndearbhuithe féin.

6. Scrúdóidh Uachtarán na cúirte lena mbaineann na dearbhuithe ó thaobh foirme de. Scrúdóidh Leas-Uachtarán na cúirte lena mbaineann dearbhú an Uachtaráin.

[1] Páirtí seasmhach i gcaidreamh neamhphósta, mar a shainmhínítear faoi Airteagal 1(2), pointe (c), d'Iarscríbhinn VII de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

7. Tabharfaidh Uachtarán na cúirte lena mbaineann aird chuí ar a bhfuil sa dearbhú leasanna dá bhforáiltear i mír 1 agus cásanna á leithdháileadh d'fhonn aon choinbhleacht leasa atá nó a d'fhéadfadh a bheith ag an gcomhalta a sheachaint i gcás áirithe.

8. Foilseofar na dearbhuithe leasanna ar shuíomh idirlín na hinstitiúide ach é sin le haird iomlán ar an gcosaint i dtaca le sonraí pearsanta.

Airteagal 6

Dílse

1. Comhlíonfaidh na comhaltaí an dualgas atá orthu a bheith dílis don institiúid.

2. Bainfidh na comhaltaí leas as seirbhísí oifigigh agus sheirbhísigh eile na hinstitiúide, go háirithe iad siúd a shanntar dá seirbhís féin, ar bhealach measúil.

3. Déanfaidh na comhaltaí acmhainní ábhartha na hinstitiúide a bhainistiú go coinsiasach.

4. Ní dhéanfaidh na comhaltaí aon ráiteas lasmuigh den institiúid a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do cháil na hinstitiúide.

Airteagal 7

Discréid

1. Coimeádfaidh na comhaltaí na pléití faoi rún.

2. Comhlíonfaidh na comhaltaí an dualgas atá orthu a bheith discréideach agus iad ag déileáil le hábhair bhreithiúnacha agus riaracháin.

3. Déanfaidh na comhaltaí iad féin a iompar agus a chur in iúl leis an bhfuaraigeantacht is gá leis an oifig.

Airteagal 8

Gníomhaíochtaí Seachtracha

1. Glacfaidh na comhaltaí orthu féin go gcomhlíonfaidh siad i gcónaí an dualgas atá orthu maidir lena bheith ar fáil ionas go mbeidh siad in ann a ndúthracht iomlán a chaitheamh le comhlíonadh a ndualgas.

2. Ní fhéadfaidh comhaltaí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí seachtracha ach amháin má luíonn siad leis na dualgais a eascraíonn as Airteagail 2 go 4, 6 agus 7 den Chód Iompair seo atá orthu. Gan dochar don mhaolú dá bhforáiltear in Airteagal 4, an dara mír, de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ní luífidh aon chleachtadh gairme seachas é sin a bhaineann lena n-oifig leis na dualgais dá bhforáiltear sa Chód Iompair seo.

3. Féadfar a údarú do chomhaltaí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a bhfuil dlúthbhaint acu le dualgais a n-oifige. Sa chomhthéacs sin:

— féadfar a údarú dóibh ionadaíocht a dhéanamh don institiúid nó don chúirt ar comhaltaí di iad ag searmanais agus ócáidí oifigiúla;

— féadfar a údarú dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ag a bhfuil leas Eorpach ag baint leo agus a bhaineann, *inter alia*, le dlí an Aontais a fhorleathadh agus le hidirphlé le cúirteanna nó binsí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Chuige sin, féadfar a údarú do chomhaltaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí teagaisc, comhdhálacha, seimineáir nó siompóisiamaí.

Ach amháin i gcás gníomhaíochtaí teagaisc, agus é sin de réir rialacha na hinstitiúide oideachais lena mbaineann, ní bheidh aon íocaíocht i gceist leis seo.

Foilseofar gníomhaíochtaí na gcomhaltaí, a bhí údaraithe ag an gcúirt ar comhaltaí di iad, ar shuíomh idirlín na hinstitiúide i ndiaidh dóibh tarlú.

4. Ina theannta sin, féadfar a údarú do chomhaltaí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí gan íocaíocht i bhfondúireachtaí nó in eagrais den chineál céanna sna réimsí dlí, cultúir, ealaíon, sóisialta, spóirt nó carthanúla agus in institiúidí oideachais nó taighde. Chuige sin, glacfaidh siad orthu féin nach dtabharfaidh siad faoi ghníomhaíochtaí bainistíochta, ar gníomhaíochtaí iad a d'fhéadfadh cur isteach ar a neamhspleáchas nó ar an gcuid ama atá acu dá ndualgais nó a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le coinbhleacht leasa. Ba cheart an téarma fondúireachtaí nó eagrais den chineál sin a thuiscint mar institiúidí nó comhlachais neamhbhrabúis a thugann faoi ghníomhaíochtaí ar leas an phobail sna réimsí thuasluaite.

5. I gcás inar mian leo páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht a thagann faoi mhír 3 agus mír 4, déanfaidh na comhaltaí iarratas, trí úsáid a bhaint as foirm shonrach, ar údarú na cúirte ar comhalta di iad roimh ré.

6. Ceadófar foilseacháin agus aon ríchíos cóipchirt a íocfar ina leith gan údarú roimh ré.

Airteagal 9

Dualgais na gComhaltaí tar éis dóibh scor d'oifig a shealbhú

1. Tar éis dóibh scor d'oifig a shealbhú, leanfaidh comhaltaí de bheith faoi cheangal a ndualgas ionracais, dínite, dílse agus discréide.

2. Glacfaidh comhaltaí orthu féin nach nglacfaidh siad páirt, tar éis dóibh scor d'oifig a shealbhú:

— ar bhealach ar bith i gcásanna a bheidh ar feitheamh os comhair na cúirte lena mbaineann siad tráth a scoirfidh siad d'oifig a shealbhú;

— ar bhealach ar bith i gcásanna a bhfuil baint dhíreach agus fhollasach acu le cásanna, fiú má tá clabhsúr curtha orthu, lena raibh siad ag déileáil mar Bhreitheamh nó mar Abhcóide Ginearálta; agus

— ar feadh tréimhse 3 bliana tar éis an dáta sin, mar ionadaithe páirtithe, i mbarúlacha i scríbhinn nó ag éisteacht, i gcásanna os comhair na gcúirteanna nó na mbinsí arb ionann iad agus cúirteanna nó binsí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

3. I gcásanna seachas na cásanna dá dtagraítear sna trí fhleasc den dara mír, féadfaidh na hiarchomhaltaí páirt a ghlacadh i gcáil gníomhaire, comhairleora nó saineolaí, féadfaidh siad tuairim dhlíthiúil a thabhairt nó féadfaidh siad fónamh mar eadránaí, ach ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh siad na dualgais a eascraíonn as mír 1.

4. Má bhíonn amhras ann maidir le hinfheidhmeacht an Airteagail seo, féadfaidh an iarchomhalta dul i dteagmháil le hUachtaráin na Cúirte Breithiúnais, agus déanfaidh an tUachtarán cinneadh ina leith sin tar éis dó tuairim a fháil ón gCoiste dá bhforáiltear in Airteagal 10

Airteagal 10

Cur i bhfeidhm an Chóid

1. Áiritheoidh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais, le cúnamh ó Choiste Comhairleach, go gcuirfear an Cód Iompair seo i bhfeidhm mar is ceart.

Beidh ar an gCoiste an triúr comhaltaí de chuid na Cúirte Breithiúnais is faide in oifig chomh maith le Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais murab é an Leas-Uachtarán duine de na triúr comhaltaí sin.

Más comhalta nó iarchomhalta den Chúirt Ghinearálta an duine lena mbaineann, glacfaidh Uachtarán agus Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta chomh maith le comhalta eile den Chúirt Ghinearálta páirt i bplé an Choiste.

Beidh Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais de chúnamh ag an gCoiste.

2. Gan dochar d'fhorálacha Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, féadfaidh an Coiste, i gcás ar leith, a thuairim a thabhairt don chomhalta nó don iarchomhalta lena mbaineann tar éis éisteacht a thabhairt dó.

Airteagal 11

Teacht i bhfeidhm

1. Leis an gCód Iompair seo, déantar an Cód Iompair roimhe seo ([2]) a aisghairm agus a ionadú. Tiocfaidh an Cód Iompair seo i bhfeidhm an 7 Deireadh Fómhair 2021.

2. Ní mór dearbhú leasanna na gcomhaltaí atá in oifig an dáta a thiocfaidh an Cód Iompair seo i bhfeidhm a chur chuig Uachtarán na cúirte ar comhaltaí di na comhaltaí sin tráth nach déanaí ná 1 mhí amháin tar éis an dáta sin.

([2]) IO C 483, 23.12.2016, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

Dearbhú leasanna Chomhaltaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

(Dearbhú arna chur ar fáil don phobal i gcomhréir le hAirteagal 5 den Chód Iompair)

SLOINNE, Céadainm:

I. **Eintitis ina bhfuil leas airgeadais ann**

Cuir tic sa bhosca seo má tá leas airgeadais díreach de réir bhrí Airteagal 5(2), an chéad fhleasc, den Chód Iompair ([1]) agat féin, ag do chéile nó do pháirtí nó ag do leanaí mionaoiseacha. Má tá leasanna den sórt sin agat, liostaigh gach eintiteas ina bhfuil na leasanna sin. ☐

Ainm an eintitis lena mbaineann

(Ainm na cuideachta nó na corparáide, ainm an Stáit nó an réigiún etc.)

II. **Cearta Réadmhaoine**

Cuir tic sa bhosca seo má tá cearta réadmhaoine de réir bhrí Airteagal 5(2), an dara fleasc, den Chód Iompair ([2]) agat féin, ag do chéile nó do pháirtí nó ag do leanaí mionaoiseacha. Má tá leasanna den sórt sin agat, liostaigh gach tír ina bhfuil an réadmhaoin lena mbaineann na leasanna sin suite. ☐

Iarrfar ort faisnéis bhreise a chur in iúl ar bhonn rúnda *san iarscríbhinn i gceangal leis seo* d'Uachtarán na cúirte lena mbaineann tú d'fhonn aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, nó a d'fhéadfaí a thuiscint amhlaidh go hoibiachtúil, a sheachaint agus cás idir lámha.

Tíortha lena mbaineann

III. **Gníomhaíochtaí Seachtracha**

1. ***Poist gan íocaíocht i bhfondúireachtaí nó in eagrais den chineál céanna agus in institiúidí oideachais nó taighde***

Sonraigh na poist gan íocaíocht atá agat i bhfondúireachtaí nó in eagrais den chineál céanna ([3]) agus in institiúidí oideachais agus taighde de réir bhrí Airteagal 8(4) den Chód Iompair.

Sonraigh teidil na bpost agus ainm an eintitis lena mbaineann siad agus, mar is cuí, aon fhaisnéis ábhartha d'fhonn aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, nó a d'fhéadfaí a thuiscint amhlaidh go hoibiachtúil, a sheachaint agus cás idir lámha.

([1]) Ba cheart an téarma leas airgeadais díreach a thuiscint mar gach urrús airgeadais amhail, *inter alia*, scaireanna, scaireanna cuideachta, bannaí nó deimhnithe infheistíochta, bíodh sin ceart úinéireachta iomlán nó teidlíocht íocaíochta, seachas gabháltais arna mbainistiú ar bhonn lánroghnach ag tríú páirtí agus cearta réadmhaoine nach mór dearbhú a thabhairt ina leith de bhun Phointe II.

([2]) Ba cheart an téarma ceart réadmhaoine a thuiscint mar gach ceart úinéireachta nó úsáide i réadmhaoin, beag beann ar cén cineál réadmhaoin é nó cén úsáid a bhaintear as, atá ag an gcomhalta, bíodh sin go díreach nó go hindíreach mar scaireanna i gcuideachta réadmhaoine.

([3]) Ba cheart an téarma fondúireachtaí nó eagrais den chineál sin a thuiscint mar institiúidí nó comhlachais neamhbhrabúis a thugann faoi ghníomhaíochtaí ar leas an phobail sna réimsí dlí, cultúir, ealaíon, sóisialta, spóirt nó carthanúla.

Poist *(e.g. Comhalta den Choiste Acadúla, Cathaoirleach ar Bhord Eagarthóireachta, Comhalta bunaidh etc.)*	**Ainm an eintitis lena mbaineann**	**Faisnéis bhreise** *(e.g. Comhlachas atá ceaptha chun eolas faoi AE a chur chun cinn i réigiún X)*

☐ Ní bhaineann le hábhar

2. ***Poist oinigh, dámhachtainí agus gradaim***

Sonraigh na poist oinigh nó ar feadh an tsaoil agus na dámhachtainí agus gradaim a bronnadh ort sula ndeachaigh tú in oifig agus ina dhiaidh sin araon.

Sonraigh teidil na bpost, na ndámhachtainí agus na ngradam, ainm an eintitis a bhronn ort iad, an bhliain a bronnadh ort iad agus, mar is cuí, aon fhaisnéis ábhartha d'fhonn aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, nó a d'fhéadfaí a thuiscint amhlaidh go hoibiachtúil, a sheachaint agus cás idir lámha.

Bliain	**Poist nó dámhachtainí** *(e.g. Ollamh Oinigh, Bonn Oinigh)*	**Ainm an eintitis a bhronn an dámhachtain**	**Faisnéis bhreise** *(e.g. aitheantas maidir le hiarracht i leith an smacht reachta a chur chun cinn)*

☐ Ní bhaineann le hábhar

IV. **Gníomhaíocht ghairmiúil íoctha chéile nó pháirtí an chomhalta**

Sonraigh aon ghníomhaíocht ghairmiúil íoctha atá ag do chéile nó do pháirtí.

Iarrfar ort gach faisnéis bhreise a chur in iúl ar bhonn rúnda *san iarscríbhinn i gceangal leis seo* d'Uachtarán na cúirte lena mbaineann tú d'fhonn aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, nó a d'fhéadfaí a thuiscint amhlaidh go hoibiachtúil, a sheachaint agus cás idir lámha.

Gníomhaíocht ghairmiúil *(e.g. Múinteoir scoile, Dlíodóir i gcuideachta, Ceann aonaid, Abhcóide, Comhairleoir Acadúla)*

☐ Ní bhaineann le hábhar

Dearbhaím leis seo go bhfuil an fhaisnéis thuasluaite cruinn.

Dáta: Síniú an Chomhalta:

Iarscríbhinn a ghabhann leis an dearbhú leasanna Chomhaltaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

(Iarscríbhinn arna cur ar bhonn rúnda chuig Uachtarán na cúirte lena mbaineann an dearbhóir amháin)

SLOINNE, Céadainm:

II. **Cearta Réadmhaoine**

Sonraigh an cineál réadmhaoine atá i gceist agus an áit ina bhfuil sé suite, a bhí mar chúis leis an dearbhú a thug tú go bhfuil ceart réadmhaoine de réir bhrí Airteagal 5(2), an dara fleasc, den Chód Iompair agat.

Cineál réadmhaoine *(e.g. Teach cónaithe nó teaghlaigh; Árasán ar cíos; Foirgneamh tráchtála; Talamh neamhfhorbartha etc.)*	**Suíomh na réadmhaoine** *(Cathair, Réigiún, Tír)*

IV. **Gníomhaíocht ghairmiúil íoctha chéile nó pháirtí an chomhalta**

Sonraigh teidil an phoist atá ag do chéile nó do pháirtí agus na dualgais a bhaineann leis sin mar chuid dá ghníomhaíochtaí gairmiúla chomh maith le hainm an eintitis ina bhfuil an post, an cineál gníomhaíochtaí atá ar bun ag an eintiteas sin agus réimse gníomhaíochta an eintitis agus, mar is cuí, aon fhaisnéis ábhartha d'fhonn aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, nó a d'fhéadfaí a thuiscint amhlaidh go hoibiachtúil, a sheachaint agus cás idir lámha.

Teideal an phoist agus an cineál feidhmeanna atá i gceist *(e.g. Príomhoifigeach airgeadais, Comhalta, sa cháil sin, ar bhord bainistíochta cuideachta; Dlíodóir le speisialtóireacht i ndlí teaghlaigh Lucsamburg; Cógaiseoir ospidéil)*	**Ainm, cineál gnó agus raon feidhme gnó an eintitis** *(e.g. Cuideachta Teo, cuideachta le speisialtóireacht i ndearadh aerárthaí; X, comhlacht idirnáisiúnta dlí; Ollscoil Y, Dámh na nDán; Z, carthanas um chúnaimh do lánpháirtiú)*